**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 22 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék – an Ungáir) – GM v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság, Alkotmányvédelmi Hivatal, Terrorelhárítási Központ**

**(Cás C-159/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas maidir le tearmann agus le hinimirce – Treoir 2011/95/AE – Caighdeáin a bhaineann leis na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a dheonú – Stádas a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Baol don tslándáil náisiúnta – Seasamh ó údarás speisialaithe – Rochtain ar an gcomhad)***

(2022/C 424/10)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* GM

*Cosantóir:* Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság, Alkotmányvédelmi Hivatal, Terrorelhárítási Központ

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 23(1) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 45(4) den Treoir sin agus i bhfianaise phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais a bhaineann leis an gceart chun dea-riaracháin agus i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil cinneadh lena ndiúltaítear d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó lena dtarraingítear siar cosaint den sórt sin bunaithe ar fhaisnéis a chuirfeadh slándáil náisiúnta an Bhallstáit i gceist i mbaol dá nochtfaí í, nach féidir leis an duine lena mbaineann nó comhairleoir an duine sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ach amháin tar éis údarú a fháil chun na críche sin, nach soláthraítear fiú substaint na bhforas ar a bhfuil na cinntí sin bunaithe agus nach féidir leo, in aon chás, an fhaisnéis a bhféadfadh rochtain a bheith acu uirthi a úsáid chun críocha nósanna imeachta riaracháin nó imeachtaí breithiúnacha.

2) Maidir le hAirteagal 4(1) agus (2), le hAirteagal 10(2) agus (3), le hAirteagal 11(2) agus le hAirteagal 45(3) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 14(4)(a) agus Airteagal 17(1)(d) de Threoir 2011/95/AE an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gceanglaítear go córasach ar an údarás cinntitheach, i gcás inar chinn comhlachtaí ar cuireadh sainfheidhmeanna atá nasctha le slándáil náisiúnta de chúram orthu, trí thuairim neamhréasúnach, gur bagairt an duine don tslándáil sin, diúltú cosaint choimhdeach a dheonú don duine sin, nó cosaint idirnáisiúnta a tugadh don duine sin roimhe sin a tharraingt siar, ar bhonn na tuairime sin.

3) Maidir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2011/95

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis le hiarratasóir a bheith eisiata ó bheith incháilithe do chosaint choimhdeach, de bhun na forála sin, ar bhonn ciontú coiriúil a bhí ar eolas cheana féin do na húdaráis inniúla nuair a dheonaigh siad don iarratasóir sin, ag deireadh nós imeachta roimhe sin, stádas dídeanaí a tarraingíodh siar ansin.

(1) IO C 228, 14.06.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 22 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de Primera Instancia nº 2 de Las Palmas de Gran Canaria – an Spáinn) – Zulima v Servicios prescriptor y medios de pagos EFC SAU**

**(Cás C-215/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Comhaontú creidmheasa tar-rollta – Éagóir téarma a bhaineann leis an ráta úis luach saothair – Caingean arna tabhairt ag tomhaltóir caingean chun go ndearbhófar go bhfuil an comhaontú sin ar neamhní – Sásamh éilimh an tomhaltóra sin lasmuigh den chúirt – Costais arna dtabhú a íocfaidh an tomhaltóir – Prionsabal na héifeachtachta – Reachtaíocht náisiúnta atá in ann an tomhaltóir a dhíspreagadh ó na cearta a thugtar le Treoir 93/13/CEE a fheidhmiú)***

(2022/C 424/11)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado de Primera Instancia nº 2 de Las Palmas de Gran Canaria

**Parties dans la procédure au principal**

*Iarratasóir:* Zulima

*Cosantóir:* Servicios prescriptor y medios de pagos EFC SAU

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 6(1) agus le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gcinntear, i gcomhthéacs imeachtaí cúirte a bhaineann le cinneadh a dhéanamh go bhfuil téarma i gconradh idir díoltóir agus tomhaltóir éagórach, i gcás ina sásaítear a chuid éileamh lasmuigh den chúirt, ní mór don tomhaltóir lena mbaineann a chostais féin a iompar, ar choinníoll go gcuireann an chúirt a bhfuiltear os a comhair, aon mheon mímhacánta ar thaobh an díoltóra lena mbaineann san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, a ordú dó na costais a íoc a bhaineann leis na himeachtaí cúirte a b'éigean don tomhaltóir sin a thionscnamh chun na cearta a thugtar dó le Treoir 93/13 a dhearbhú.

(1) IO C 320, 09.08.2021

---